
# TIMSS 2027

*Eolas do scoileanna, mic léinn, agus teaghlaigh*

## Cad is TIMSS ann?




**T**rends in **I**nternational **M**athematics and **S**cience **S**tudy.

Déanann sé comparáid idir gnóthachtáil mac léinn sa mhatamaitic agus san eolaíocht i mbeagnach 70 tír ar fud an domhain.

Tarlaíonn an staidéar ag Rang a Ceathair (bunscoil) and an Dara Bliain (iar-bhunscoil).


Tarlóidh an tástáil i rith gnáthlá scoile i mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2027.

## Conas a roghnaítear scoileanna agus na mic léinn?

Sampláiltear scoileanna agus ranganna go randamach do TIMSS.

Roghnófar thart ar 150 bunscoil agus 150 iar-bhunscoil.

Roghnófar grúpa ranga amháin nó dhá ghrúpa ranga i ngach ceann de na scoileanna.






## Cad a bhíonn i gceist le TIMSS?





Déanann **mic léinn** tástáil ar líne ar scoil, ina mbíonn réimse ceisteanna ar an matamaitic agus an eolaíocht bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu ar scoil.

Ní gá dóibh staidéar a dhéanamh don tástáil.



Ina dhiaidh sin, freagraíonn mic léinn roinnt ceisteanna maidir lena dtuairimí ar an scoil agus ar an matamaitic agus an eolaíocht.

Iarrtar ar **thuismitheoirí/chaomhnóirí** ceistneoir a chomhlánú, ina bhfuil ceisteanna ar theangacha a labhraítear sa bhaile, tír dhúchais, agus gairm agus oideachas tuismitheora.

Iarrtar ar **phríomhoidí scoile** agus ar **mhúinteoirí** ceistneoir a chomhlánú freisin ar chomhthéacsanna scoile agus seomra ranga, cuir chuige maidir le teagaisc, and forbairt ghairmiúil.

## An bhfuil mo chuid freagraí faoi rún?

Tá na freagraí uile ar na tástálacha agus na ceistneoirí **faoi rún** agus ní féidir mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí,  ná scoileanna aonair a aithint.

Chun breis eolais a fháil ar chosaint sonraí agus chun ár gcuid dearbhuithe maidir le cosaint sonraí a fheiceáil, téigh, le do thoil, go:
www.erc.ie/timss



## Cén fáth a nglacann Éire páirt in TIMSS?

Úsáidtear an t-eolas a bhailítear in TIMSS chun tuiscint a fháil ar conas atá ag éirí le mic léinn na hÉireann sa mhatamaitic agus san eolaíocht, agus ar na cúinsí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghnóthachtáil mac léinn.

Déanann sé eolas d'obair na Roinne Oideachais agus Óige, oideoirí múinteoirí, forbróirí curaclaim, múinteoirí agus príomhoidí, agus daoine eile a bhfuil baint acu le hoideachas.




Trí do rannpháirtíocht in TIMSS, tá tú ag cur le taighde oideachais agus le feabhas a chur ar an gcóras oideachais.





**Is mór againn do chabhair.**

Má tá aon cheist agat nó más mian leat breis eolais a fháil ar TIMSS, téigh, le do thoil, go www.erc.ie/timss nó déan teagmháil linn ag timss.ireland@erc.ie.

